

Lesson 71 Answer Key

Cuir Gaeilge air seo:

1. Tar dár bhfeiceáil anocht.
2. Tá mo mháthair san ospidéal. Caithfidh mé dul á feiceáil.
3. Bhí sí á gléasadh féin ina seomra.
4. Bhí sé á ghrianadh féin sa ghairdín.
5. Bhí na páistí á ní féin roimh an dinnéar.
6. Bhí mé ag caint léi. Bhí sí do do mholadh go hard.
7. Is maith an leabhar seo. Bhí sé á léamh agam sa leaba go meán oíche aréir.
8. Chuala sí an t-amhrán sin ar an raidió. Bíonn sé á canadh aici.
9. Tá teach á thógáil ar bharr an chnoic.
10. Fuair mé boladh breá agus mé ag teacht sa teach. Bhí gé á rósta sa chistin.
11. Bhí doras an tsiopa á oscailt agus chuamar thart.
12. Bhí an múinteoir dár gceistiú agus bhí an cigire ag éisteacht leis.
13. Thug mé obair le déanamh duit. An bhfuil sé á dhéanamh agat?
14. Cuir síos an cat sin. Ná bí á chrá.
15. “Tabhair dom rud éigin le nithe, a Mháire.”
“Ná bí do mo bhodhrú anois, a chroí. Nach bhfeiceann tú go bhfuilim gnóthach?”
16. Tá an leabhar agam faoi dheireadh. Táim á lorg ar feadh an lae.
17. Tá an bhean bhocht breoite le bliain.